Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2017
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0281 (COD)**

**11654/1/17**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 1308**
**DEVGEN 187**
**ACP 91**
**RELEX 694**
**ECOFIN 678**
**CADREFIN 87**
**ASIM 91**
**MAMA 158**
**COEST 216**
**COAFR 227**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI (**an chéad léamh**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Lucsamburg**

Maidir leis an *"Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI",* creideann Lucsamburg go bhféadfaí rialachán níos láidre a bhaint amach, lena dtabharfaí aird níos mó ar sheasaimh na Comhairle, dá dtabharfaí tuilleadh ama do na Ballstáit anailís a dhéanamh ar na doiciméid chaibidlíochta agus cruinnithe Coreper a ullmhú.

Is oth le Lucsamburg go leagtar an iomarca béime, sa phacáiste atá beartaithe, ar an imirce i gcomparáid leis an gcomhar don fhorbairt, agus go leantar le tagairt a dhéanamh don imirce sa chiall leathan den fhocal seachas tagairt níos srianta don imirce neamhrialta mar a choimeádtar i gcur chuige páirteach na Comhairle.

Maidir le bainistiú na sócmhainní, is údar mór díomá do Lucsamburg é nár cuireadh an cúram sin ar Bhanc Forbartha an Aontais Eorpaigh. Níor cheart misin na n-institiúidí Eorpacha éagsúla a mheascadh le chéile agus ní faoin gCoimisiún Eorpach atá sé na sócmhainní sin a bhainistiú sa chomhthéacs seo. Sa bhreis air sin, is institiúid airgeadais é an Banc Eorpach Infheistíochta atá faoi réir na gcaighdeán idirnáisiúnta agus Eorpach atá infheidhme maidir le rialachas, le línte cuntasachta a shainítear go soiléir agus "criosanna ciúnais" le haghaidh bainistiú riosca agus rialú inmheánach, i measc rudaí eile.

Dá bharr sin, ní fhéadfaidh Lucsamburg tacú leis an bpacáiste atá beartaithe agus mar thoradh air sin chinn sé staonadh sa chás seo nár cheart a bheith mar fhasach d'ionstraim den sórt seo amach anseo.